C/2024/2480

23.4.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa —I dtreo straitéis chuimsitheach le haghaidh thionscal an adhmaid san Aontas

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2024/2480)

Rapóirtéir: **Anastasis YIAPANIS**

Comhrapóirtéir: **Rolf GEHRING**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	25/1/2023
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
An rannóg atá freagrach	An Coimisiún Comhairleach um Athruithe Tionsclaíocha
Dáta a glactha sa rannóg	22/1/2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	14/2/2024
Seisiún iomlánach Uimh.	585
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	156/0/1

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Tá tionscal adhmaid an Aontais in iomaíocht le táirgí adhmaid níos saoire ó réigiúin eile, agus is ar dhul chun cinn phróisis, tháirgiúlacht, éifeachtúlacht agus cháilíocht na dtáirgí a bhraitheann iomaíochas an tionscail. Tá gá le tacaíocht thiomnaithe taighde agus forbartha (T&F) ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon chun táirgí adhmaid a ndéantar innealtóireacht orthu, ábhair bhith-chomhchodacha, agus réitigh bhreisluacha eile a fhorbairt a mbeidh feidhmíocht fheabhsaithe agus tairbhí comhshaoil mar thoradh orthu. Iarrann Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) ar údaráis phoiblí an Aontais agus ar na húdaráis phoiblí náisiúnta tosaíocht a thabhairt d'iomaíochas idirnáisiúnta thionscal adhmaid na hEorpa trí rochtain ar an margadh a áirithiú agus trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chostais agus ar chleachtais éagóracha trádála, agus cothroime iomaíochta sa mhargadh á háirithiú ag an am céanna.

1.2. Chun dul chun cinn a dhéanamh ar shamhlacha gnó inbhuanaithe i dtionscal an adhmaid, tá sé ríthábhachtach príomh-amhábhair a dhaingniú agus margadh feidhmiúil amhábhar tánaisteach a bhunú. Iarrann CESE go ndéanfaí an méid sin a chur chun feidhme feadh an tslabhra soláthair agus go réiteofaí bacainní teicniúla a fhágann nach féidir dramhaíl adhmaid a athchúrsáil ina hiomláine, agus molann sé go gcuirfí cosc ar adhmad a dhiúscairt i líonta talún. Tá géarghá le bonneagar feabhsaithe, lena gcuimsítear acmhainní iompair, stórála agus próiseála, chun slabhraí soláthair éifeachtúla agus seachadadh éifeachtúil táirgí a áirithiú.

1.3. Agus 75 % de dhaonra an domhain le bogadh go ceantair uirbeacha faoi 2050, de réir na réamh-mheastachán, tá géarghá le forbairt uirbeach inbhuanaithe. Tugann sé sin le fios a thábhachtaí atá sé ábhair adhmaid in-athnuaite atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a úsáid san fhoirgníocht chun an lorg carbóin a laghdú agus chun fás bitheacnamaíoch a chur chun cinn san Aontas. Molann CESE tús áite a thabhairt d'ábhair nádúrtha amhail adhmad, páipéar agus táirgí snáithínbhunaithe seachas iad siúd a thagann as breoslaí iontaise. Iarrann CESE ar institiúidí uile an Aontais aitheantas cuí a thabhairt don mhéid a chuireann ábhair in-athnuaite leis an inbhuanaitheacht, leis an ngeilleagar ciorclach agus leis an aeráidneodracht, agus aitheantas ar leith a thabhairt don adhmad mar acmhainn luachmhar chiorclach agus mar amhábhar luachmhar. Tá cumarsáid níos éifeachtaí de dhíth chun go gcuirfear tomhaltóirí ar an eolas faoi na tairbhí comhshaoil a bhaineann le táirgí adhmaid a roghnú a fhaightear ó fhoinsí inbhuanaithe.

1.4. Ní mór do lucht thionscal an adhmaid dramhaíl a íoslaghdú, athchúrsáil agus athúsáid táirgí adhmaid a spreagadh, agus coincheap láidir cothabhála a ghlacadh ó chéim an deartha chun bheith i gcomhréir le spriocanna inbhuanaitheachta, chun go n-úsáidfear acmhainní ar bhealach éifeachtúil agus chun saolré na n-ábhar adhmaid a fhadú.

1.5. Leagann CESE béim ar a chasta agus a chostasaí atá sé na caighdeáin chomhshaoil, foinsithe agus cháilíochta a chomhlíonadh, go háirithe do ghnólachtaí beaga agus mheanmhéide, agus iarrann sé ar an Aontas a áirithiú go gcuirfear reachtaíocht chomhordaithe i bhfeidhm ar fud na mBallstát agus go gcuirfear tacaíocht airgeadais agus neamhairgeadais ar fáil do FBManna san earnáil.

1.6. Cuireann CESE i bhfios go láidir gur gá íoschaighdeáin a leagan síos maidir le hastaíochtaí carbóin oibreacha tógála ó thús deireadh a saolré agus gur cheart ceanglas a bheith ann maidir le tuairisciú carbóin laistigh den tionscal. Tá sé ríthábhachtach do gach gairmí tógála, lena n-áirítear pleanálaithe, ailtirí, innealtóirí, teicneoirí, saineolaithe teicneolaíochta faisnéise (TF) agus oibrithe tógála, go gcuirfear oiliúint leordhóthanach orthu agus go bhforbróidh siad na scileanna is gá maidir leis na teicnící agus na hábhair a bhaineann leis an bhfoirgníocht inbhuanaithe.

1.7. Is bagairt mhór ar an earnáil í an lománaíocht neamhdhleathach, agus ní leor na scéimeanna deimhniúcháin atá ann faoi láthair chun aghaidh a thabhairt ar an éilliú, ná ní bhraitear go leormhaith gníomhaíochtaí calaoiseacha. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí bearta réamhghníomhacha níos láidre chun an lománaíocht neamhdhleathach, an dífhoraoisiú agus an trádáil neamhdhleathach adhmaid a chomhrac.

1.8. Aithníonn CESE nach bhfuil na pionóis ar an lománaíocht neamhdhleathach ag teacht le luach na dtáirgí adhmaid, agus iarrann sé ar na Ballstáit na pionóis a dhéanamh níos doichte, an teicneolaíocht a úsáid chun iad a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr, agus a chur in iúl a thábhachtaí atá sé an lománaíocht neamhdhleathach a chomhrac trí bhíthin feachtais feasachta phoiblí agus sásraí tuairiscithe do shaoránaigh.

1.9. Is baolach go mbeidh bearna sa lucht saothair i dtionscal an adhmaid mar gheall ar an lucht saothair oilte a bheith ag dul in aois agus mar gheall ar an dearcadh atá ann go bhfuil sé dian ar an gcorp a bheith ag obair san earnáil. Tá CESE ag tathant go bhforbrófaí straitéis AE chun daoine óga tréitheacha a mhealladh agus a choinneáil san earnáil, rud a d'fhágfadh gur tharraingtí an earnáil do dhaoine óga agus do mhná, agus a d'áiritheodh go mbeadh oibrithe oilte ar fáil. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit cistí a leithdháileadh ar institiúidí oideachais agus dreasachtaí a chur ar fáil dóibh chun cláir atá dírithe ar thionscal an adhmaid a fhorbairt, comhpháirtíochtaí le hinstitiúidí acadúla a spreagadh chun cúrsaí a bhaineann le hadhmad a chomhtháthú, agus an comhar a chur chun cinn i measc lucht na tionsclaíochta, an lucht acadúil agus na n-údarás poiblí.

1.10. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá sé seasamh le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta laistigh de thionscal adhmaid an Aontais chun timpeallacht chothrom agus chuimsitheach a áirithiú ina dtugtar tosaíocht do dhea-bhail agus dínit na bhfostaithe. Ní mór sásraí faireacháin a chur ar bun chun tuairisciú a dhéanamh ar dhálaí oibre, ar chearta agus ar chuimsiú sóisialta, chomh maith le hiniúchtaí rialta chun a áirithiú go gcomhlíonfar prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

1.11. Molann CESE tacaíocht a thabhairt d'úinéirí foraoise trí chúnamh airgeadais, oiliúint, ceardlanna, dreasachtaí cánach agus bearta eile a chur ar fáil chun feabhas a chur ar a n-acmhainneacht bainistiú éifeachtach agus inbhuanaithe a dhéanamh ar fhoraoisí. Ba cheart do na comhpháirtithe sóisialta agus don tsochaí shibhialta faireachán éifeachtach a dhéanamh ar laghdú an dífhoraoisithe, agus ba cheart do CESE agus Coiste Eorpach na Réigiún dul isteach in ardán il-gheallsealbhóra an Choimisiúin Eorpaigh. Tá CESE ag iarraidh ar an Aontas maoiniú a chur ar fáil d'eagraíochtaí náisiúnta a bhfuil baint acu le hathfhoraoisiú na limistéar poiblí sin atá dóite nó nach bhfuil mórán fásra iontu.

1.12. Tá CESE ag tathant go ndéanfar an Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe a chur chun feidhme go comhsheasmhach le gur gnáthrud a bheidh i dtáirgí inbhuanaithe agus le go mbeidh siad chomh hiomaíoch céanna le táirgí allmhairithe. Ina theannta sin, ba cheart cuireadh a thabhairt do chomhpháirtithe sóisialta earnáil adhmaid an Aontais páirt a ghlacadh san Fhóram Comhairliúcháin Éicidhearthóireachta.

2. **Cúlra agus barúlacha tosaigh**

2.1. Tá fo-earnálacha ar leith i dtionscal adhmaid an Aontais laistigh de chatagóir NACE 16, lena n-áirítear an tsábhmhuilleoireacht, monarú painéal agus veiníní adhmaid, cóimeáil urlár iontlaise, an adhmadóireacht agus an tsiúinéireacht, táirgeadh coimeádán adhmaid, agus táirgí eile adhmadbhunaithe. Tá ceanglais agus leasanna éagsúla ag na fo-earnálacha sin, agus is minic a chomhlánaíonn siad a chéile, ach bíonn siad in iomaíocht le chéile ó am go ham freisin. De ghrá na gontachta, díreoidh an tuairim seo ar na gnéithe comhchoiteanna idir na fo-earnálacha sin, gan mionscagadh a dhéanamh ar shonraí sonracha na bhfo-earnálacha aonair.

2.2. Tá thart ar 45 % de chríoch an Aontais, thart ar 180 milliún heicteár san iomlán, clúdaithe ag foraoisí nó limistéir eile faoi chrainn. Díobh sin, tá thart ar 60 % faoi úinéireacht phríobháideach, agus baineann formhór na ngabháltas sin le gabháltais bheaga teaghlach, rud a fhágann go bhfuil thart ar 15 mhilliún úinéir foraoise san Aontas. Tá an 40 % eile faoi úinéireacht phoiblí agus bainistítear iad ar scála níos mó ([1]). Is ag dul i méid atá limistéir foraoise na hEorpa ach is beag foraois phríomhúil atá inti.

2.3. Tá ról ríthábhachtach ag foraoisí sa chomhshaol, sa gheilleagar agus i ndea-bhail shóisialta na bpobal áitiúil agus an phobail dhomhanda araon. Cuireann siad leis an mbithéagsúlacht agus le caomhnú na hithreach, mar aon le maolú ar an athrú aeráide, ionsú CO_2, bainistiú thimthriall an uisce, rialú creimthe, cáilíocht an aeir etc. agus cuireann siad neart buntáistí éiceolaíocha, eacnamaíocha agus cultúrtha ar fáil do phobail áitiúla agus do dhaonra an domhain chomh maith. Tá CESE ag iarraidh ar an Aontas maoiniú a chur ar fáil d'eagraíochtaí náisiúnta a bhfuil baint acu le hathfhoraoisiú na limistéar poiblí sin atá dóite nó nach bhfuil mórán fásra iontu.

2.4. Is ábhar ciorclach clasaiceach é an t-adhmad. Tá sé tíosach ar fhuinneamh agus neamhdhíobhálach don chomhshaol, tá saolré fada aige, agus tá ardacmhainneacht ann é a athúsáid, a athmhonarú agus a athchúrsáil. Má dhéileáiltear i gceart le tionscail an adhmaid, rannchuideofar go mór le cuspóirí bheartas aeráide na hEorpa. Ar an gcéad dul síos, éascaíonn sé coinneáil carbóin bhreise laistigh de struchtúir adhmaid, rud a leathnaíonn an linn charbóin arna cur ar fáil ag na foraoisí. Ar an dara dul síos, trí ábhair atá dian ar fhuinneamh amhail cruach, coincréit, gipseam nó plaisteach a ionadú go páirteach le hadhmad, cabhraítear le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú i dtionscal na tógála.

2.5. Agus 75 % de dhaonra an domhain le dul chun cónaí i réigiúin uirbeacha faoi 2050 ([2]), de réir na réamh-mheastachán, ní féidir a shéanadh gur práinneach an rud é go nglacfadh na cathracha an inbhuanaitheacht chucu féin. Chuige sin, is gá aistriú i dtreo ábhair tógála a fhaightear ó adhmad inbhuanaithe. Beidh an méadú ar úsáid ábhar in-athnuaite agus in-athchúrsáilte, go háirithe in earnáil tógála an Aontais, ríthábhachtach maidir le lorg carbóin an bhonneagair uirbigh a laghdú, agus fás an bhithgheilleagair á chothú san am céanna.

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. I mí na Samhna 2021, leag Ballstáit an Aontais béim ar a thábhachtaí atá sé cothromaíocht a bhaint amach i measc na ngnéithe éiceolaíocha, sochaíocha agus eacnamaíocha a bhaineann le bainistiú inbhuanaithe foraoisí ([3]). Leag siad béim ar a thábhachtaí atá sé éagsúlacht na bhforaoisí a chaomhnú agus cineálacha cur chuige éagsúla agus inbhuanaithe maidir le bainistiú foraoisí a chothú i réigiúin éagsúla, agus inniúlachtaí agus údaráis náisiúnta sa réimse á n-urramú go hiomlán ag an am céanna.

3.2. Teastaíonn ó thionscail adhmaid an Aontais go dtabharfar tuilleadh aitheantais don acmhainneacht atá iontu an inbhuanaitheacht a fhí isteach i mbeartais shuntasacha de chuid an Aontais, amhail an Straitéis Thionsclaíoch don Eoraip, an Comhaontú Glas don Eoraip agus Straitéis Ceimiceán an Aontais. Thairis sin, chun claochlú cóir a chur chun cinn san earnáil, tá sé ríthábhachtach an oiliúint agus an t-uas-sciliú is gá a chur ar lucht saothair na hEorpa ionas go mbeidh siad in ann rannchuidiú go héifeachtach le slabhraí luacha bithbhunaithe a fhorbairt, agus cáilíocht na bpost á cothabháil san am céanna. Mar sin féin, de réir Thuarascáil 2022 ar dhul chun cinn maidir le Straitéis Bhithgheilleagair an Aontais Eorpaigh ([4]), má táthar chun freagairt d'éilimh na hinbhuanaitheachta comhshaoil trí shlabhraí luacha bithbhunaithe éagsúlaithe, beidh gá le cur chuige beartais níos cuimsithí laistigh de na tionscail.

3.3. Tá bonneagar níos fearr agus níos forbartha de dhíth ar thionscal adhmaid an Aontais, lena n-áirítear an líonra iompair, saoráidí stórála agus cumais phróiseála, chun slabhraí soláthair éifeachtúla agus seachadadh tráthúil táirgí a áirithiú. Riamh anall, bhí na tionscail fhoraoisbhunaithe thar a bheith nuálach. Mar sin féin, i dtimpeallacht eacnamaíoch atá ag éirí níos casta agus níos éagsúlaithe, tá tacaíocht níos fearr de dhíth ar an tionscal le haghaidh próisis taighde agus nuálaíochta, go háirithe ó chláir chomhordaithe ar fud an Aontais, cuir i gcás Fís Eorpach.

([1]) CEPI – *Circular Choices for a competitive EU bioeconomy*.
([2]) Hannah Ritchie agus Max Roser, *Urbanization*, 2018.
([3]) Conclúidí glactha ag an gComhairle maidir le Straitéis nua Foraoise an Aontais do 2030.
([4]) An Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le Straitéis Bhithgheilleagair an Aontais Eorpaigh: athbhreithniú agus forbairtí amach anseo (COM (2022) 283 final).

3.4. Tá tionscal an adhmaid faoi réir rialacháin agus caighdeáin éagsúla a bhaineann le cosaint an chomhshaoil, dlíthiúlacht foinsithe agus cáilíocht táirgí. D'fhéadfadh comhlíonadh na rialachán sin a bheith casta agus costasach, go háirithe do na gnólachtaí beaga ar minic nach mbíonn na hacmhainní acu chun na ceanglais rialála a chomhlíonadh go héifeachtach. I dtimpeallacht rialála atá chomh casta sin, ní mór don Aontas cur chun feidhme reachtaíochta comhordaithe agus éifeachtúil a áirithiú i ngach Ballstát, agus tacaíocht airgeadais agus neamhairgeadais a ráthú do FBManna san earnáil ag an am céanna.

3.5. Is é an dífhoraoisiú is cúis le 20 % d'astaíochtaí CO_2 ar fud an domhain agus tá baint aige leis an mbaol go rachaidh cuid mhaith speiceas in éag mar gheall ar chaillteanas gnáthóige. Tugtar le fios i measteacháin Europol go mbíonn na brabúis a dhéantar ar an gcoireacht chomhshaoil inchomparáide leis na brabúis a bhaineann leis an ngáinneáil ar dhrugaí, ach gur lú an seans go mbraitear iad ná go mbeidh iarmhairtí ag baint leo ([5]).

3.6. Is ábhar méadaitheach imní san Eoraip na dóiteáin mhóra foraoise ós rud é go sceitear astaíochtaí CO_2 dá mbarr a bhaineann an bonn de na hiarrachtaí chun astaíochtaí a íoslaghdú agus toisc go bhféadfaidís infhaighteacht adhmaid a laghdú. Chun dul i ngleic leis an treocht sin, tá géarghá le bainistiú éifeachtach foraoisí agus comhordú feabhsaithe agus trealamh níos fearr do sheirbhísí Eorpacha agus náisiúnta comhrac dóiteáin. Cabhróidh úsáid na teicneolaíochta nua-aimseartha (e.g. faireachán satailíte agus úsáid drón) go mór le cosc a chur ar dhóiteáin san Aontas amach anseo.

3.7. Tá sé thar a bheith tábhachtach tuilleadh stáisiúin dóiteáin réigiúnacha a bhunú ar an leibhéal Eorpach agus náisiúnta, agus feithiclí beaga comhraic dóiteáin a chur ar fáil do phobail áitiúla, go háirithe i mBallstáit na Meánmhara.

3.8. Is fadhb thromchúiseach í an lománaíocht neamhdhleathach i limistéir éagsúla i mBallstáit áirithe, fadhb a mbaineann impleachtaí thar a bheith diúltach léi. Rinneadh dochar ar leith de dheasca na lománaíochta neamhdhleathaí do limistéir luachmhara amhail láithreáin Natura 2000, chomh maith le foraoisí príomhúla agus ársa, rud a d'fhéadfadh speicis agus gnáthóga a chur i mbaol a n-éagtha. I ndáil leis sin, ní leor na scéimeanna deimhniúcháin atá ann faoi láthair chun aghaidh a thabhairt ar na cleachtais éillithe atá ann cheana agus chun iad a bhainistiú, ná níl an sásra braite chun gníomhaíochtaí calaoiseacha a bhrath á chur chun feidhme go leordhóthanach ar fud an Aontais. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfar gníomhaíocht níos láidre agus go nglacfar bearta réamhghníomhacha chun stop a chur leis an lománaíocht neamhdhleathach. Iarrann sé, freisin, go nglacfar plean gníomhaíochta éifeachtach chun deireadh a chur le trádáil adhmaid agus táirgí adhmaid a lománaíodh go neamhdhleathach. Má táthar chun céim chun cinn a thabhairt ina leith sin, tá sé ríthábhachtach cleachtais fhreagracha foraoiseachta a chur chun cinn.

3.9. Ina theannta sin, is saoth le CESE nach bhfuil na pionóis ar an lománaíocht neamhdhleathach ag teacht le luach na dtáirgí adhmaid, rud a fhágann go minic nach ngearrtar ar oibreoirí ach pionóis íosta amhail rabhaidh nó fíneálacha riaracháin ísle. Tá CESE ag tathant ar na Ballstáit na pionóis a dhéanamh níos doichte agus a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis foraoiseachta náisiúnta iad a fhorfheidhmiú. Chuige sin, d'áireofaí méadú féideartha ar phearsanra forfheidhmithe dlí agus úsáid níos fearr a bhaint as teicneolaíochtaí nua-aimseartha (amhail córas faireacháin satailíte) chun bac a chur ar na gníomhaíochtaí neamhdhleathacha sin. Thairis sin, ní mór an cheist seo a chur in iúl go héifeachtúil don phobal i gcoitinne trí bhíthin feachtais thiomnaithe faisnéise, lena n-áirítear trí shásraí tuairiscithe a chur ar fáil do shaoránaigh an Aontais.

3.10. Tá gá le cumarsáid níos fearr freisin chun feasacht tomhaltóirí a ardú maidir leis an tionchar dearfach ar an gcomhshaol a bhaineann le táirgí adhmaid a roghnú a fhaightear ó fhoraoisí atá á mbainistiú go hinbhuanaithe. Dá bhrí sin, iarrann CESE go ndéanfaí gníomhaíochtaí chun tomhaltóirí a spreagadh chun cinntí a dhéanamh atá comhfhiosach ó thaobh an chomhshaoil de agus chun adhmad a chur chun cinn mar acmhainn in-athnuaite agus inbhuanaithe trí bhéim a leagan ar thaobh éiceabhách táirgí adhmaid.

([5]) Europol – Coireacht Chomhshaoil.

4. **Barúlacha sonracha**

4.1. Tá tionscal adhmaid an Aontais san iomaíocht le táirgí adhmaid a allmhairítear ó thíortha eile, lena n-áirítear réigiúin ina bhfuil costais táirgthe níos ísle. Tá iomaíochas thionscal an adhmaid ag brath ar an acmhainneacht atá ann leanúint den dul chun cinn teicneolaíoch a mhéid a bhaineann le próisis, agus táirgiúlacht, éifeachtúlacht agus cáilíocht á bhfeabhsú ag an am céanna. Creideann CESE gur cheart tacaíocht thiomnaithe a chur ar fáil le haghaidh T&F, lena n-áirítear an cistiú is gá atá ar fáil ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon, chun gur féidir táirgí adhmaid a ndéantar innealtóireacht orthu, ábhair bhith-chomhchodacha agus réitigh bhreisluacha eile a fhorbairt a mbeidh feidhmíocht fheabhsaithe agus tairbhí comhshaoil mar thoradh orthu. Ní mór uirlisí sonracha a bheith ag FBManna chun críoch rochtana agus faisnéise níos fearr.

4.2. Is iomaí oibrí oilte i dtionscal an adhmaid atá ag druidim leis an aois scoir, rud a fhágann bearna sa lucht saothair oilte atá ar fáil. Ina theannta sin, tá tuairim ghinearálta ann go bhfuil tionscal an adhmaid dian ó thaobh saothair de agus go dtéann sé dian ar an gcorp, rud is cúis leis an easpa daoine a théann leis na gairmeacha sa réimse, go háirithe i measc na glúine óige agus na mban. Iarrann CESE go mbeadh straitéis shoiléir ann chun an treocht sin a athrú agus chun a áirithiú go mbeadh lucht saothair oilte ar fáil agus go gcoinneofaí poist ardcháilíochta i dtionscal an adhmaid, agus é d'aidhm aici san am céanna an earnáil (agus an cheardaíocht i gcoitinne) a dhéanamh níos tarraingtí do dhaoine óga agus do mhná.

4.3. Chun timpeallacht chothrom iomaíoch a áirithiú sna tionscail fhoraoisbhunaithe, molann CESE caidreamh tionsclaíoch láidir mar aon leis an gcómhargáil fhorleathan a bhunú trí bhíthin ceardchumann agus eagraíochtaí fostóirí d'fhonn gairm san earnáil a dhéanamh níos tarraingtí do na fostaithe atá ann cheana, agus do na daoine óga agus na mná a bhfuil fonn orthu printíseachtaí a dhéanamh freisin.

4.4. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá sé íoschaighdeáin a bhunú maidir le hastaíochtaí carbóin foirgneamh ó thús deireadh a saolré agus ar an éileamh gaolmhar maidir le tuairisciú carbóin laistigh de réimse na tógála. Tá oiliúint leordhóthanach agus forbairt leordhóthanach scileanna, trí bhíthin IVET (Gairmoideachas agus Gairmoiliúint Tosaigh) agus CVET (Gairmoideachas agus Gairmoiliúint Leanúnach), maidir le cur i bhfeidhm teicnící agus ábhar nua tógála inbhuanaithe ríthábhachtach do na geallsealbhóirí uile sa slabhra tógála, lena n-áirítear pleanálaithe, ailtirí, innealtóirí, teicneoirí, saineolaithe TF agus oibrithe tógála.

4.5. Chun úsáid an adhmaid in earnáil na tógála a mhéadú ar mhaithe le hastaíochtaí carbóin a laghdú, ní mór cleachtais réamhghníomhacha agus inbhuanaithe maidir le bainistiú foraoisí a spreagadh laistigh den Aontas. Tá sé ráite cheana féin ag CESE go súnn an t-adhmad an CO_2 ón atmaisféar le linn dó a bheith ag fás, agus go stórálann sé chomh maith é. Dá bhrí sin, nuair a úsáidtear an t-adhmad mar ábhar tógála, is ábhar tógála glas atá ann, rud a chuireann laghdú i ndeireadh na dála ar gháis ceaptha teasa ([6]). Tá CESE ag tathant ar institiúidí uile an Aontais aitheantas cuí a thabhairt don tábhacht a bhaineann le hábhair in-athnuaite, lena n-áirítear an t-adhmad, a mhéid a bhaineann leis an inbhuanaitheacht a chur chun cinn, dul chun cinn a dhéanamh ar an ngeilleagar ciorclach agus aeráidneodracht a bhaint amach.

4.6. Ionas gur thábhachtaí fós an t-adhmad a fhaightear go hinbhuanaithe san earnáil tógála, tá sé riachtanach béim a leagan ar an gceanglas maidir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí mar acmhainn bhunúsach. Molann CESE go dtabharfaí tacaíocht d'úinéirí foraoise lena n-áireofaí na nithe a leanas: cúnamh airgeadais, cláir oiliúna, ceardlanna agus seimineáir chun na scileanna agus an t-eolas is gá a thabhairt d'úinéirí foraoise chun a bhforaoisí a bhainistiú go héifeachtach agus go hinbhuanaithe, tionscnaimh chun a scileanna riaracháin agus eagraíochtúla a neartú, dreasachtaí amhail buntáistí cánach nó dreasachtaí airgeadais chun cleachtais inbhuanaithe maidir le bainistiú foraoisí a ghlacadh agus a chothabháil, cláir spriocdhírithe chun tacú le húinéirí foraoise óga agus nua, etc. Luaigh CESE cheana féin gur cheart 'ról follasach a bheith ag

([6]) Tuairim ó CESE CCMI/215 *Struchtúir adhmaid ar mhaithe le CO2 a laghdú in earnáil na tógála* (IO C 184, 25.5.2023, lch. 18),

na comhpháirtithe sóisialta agus ag an tsochaí shibhialta maidir le faireachán a dhéanamh ar an éifeachtacht a bhaineann leis an dífhoraoisiú a laghdú' agus gur cheart do CESE agus Coiste Eorpach na Réigiún 'a bheith ina gcomhaltaí d'ardán ilgheallsealbhóra an Choimisiúin Eorpaigh' ([7]).

4.7. Ní mór deiseanna oideachais, oiliúna agus uas-scilithe leanúnaigh a bheith níos inrochtana agus níos éifeachtaí do shaoránaigh de chuid an Aontais ar spéis leo a bheith ag obair i dtionscal an adhmaid. Ní mór do na Ballstáit cistiú agus dreasachtaí a chur ar fáil d'institiúidí oideachais chun cláir atá dírithe ar thionscal an adhmaid a fhorbairt agus a chur ar fáil, cláir lena spreagtar mic léinn chun tabhairt faoi ghairmeacha in earnáil an adhmaid. Molann CESE freisin go bhforbrófar comhpháirtíochtaí le scoileanna, coláistí agus ollscoileanna chun cúrsaí a bhaineann le tionscal an adhmaid a chomhtháthú ina gcuraclaim. Ina theannta sin, tá an comhar idir geallsealbhóirí tionscail, lucht acadúil agus comhlachtaí rialtais ríthábhachtach chun na straitéisí sin a chur chun feidhme go rathúil agus chun tionscal iomaíoch adhmaid a fhorbairt san Aontas.

4.8. Maidir leis an lucht saothair atá ann cheana san earnáil, leagann CESE béim ar an ngá atá le cláir uas-scilithe a chur ar fáil (trí bhíthin IVET agus CVET) chun cabhrú leo iad féin a chur in oiriúint do na teicneolaíochtaí nua agus do na héilimh athraitheacha. Ina theannta sin, tá gá le dlúthchomhar le gnólachtaí i dtionscal an adhmaid agus le comhlachais comhpháirtithe sóisialta chun cláir oiliúna a dhearadh atá i gcomhréir le riachtanais athraitheacha an tionscail.

4.9. Tá sé á chur i bhfios go láidir ag CESE an ról a imríonn Colún Eorpach na gCeart Sóisialta chun timpeallacht chothrom, chóir agus chuimsitheach a chruthú laistigh de thionscal adhmaid an Aontais, timpeallacht ina bhfuil meas ar dhea-bhail agus dínit na bhfostaithe uile. Ós rud é gur minic a mheastar go bhfuil rioscaí ag baint leis na dálaí oibre sna hearnálacha adhmadóireachta, tá sé thar a bheith tábhachtach tús áite a thabhairt do dhálaí ginearálta oibre, agus don tsábháilteacht agus don tsláinte ag an obair chun tarraingteacht na hearnála a fheabhsú. Ina theannta sin, tá sé ag éirí níos tábhachtaí rannpháirtíocht agus conairí gairme dea-shainithe a chur chun cinn chun go mbeidh earnáil nó ionad oibre tarraingteach. Ar bhonn níos sonraí, ba chiallmhar an rud é sásraí a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear tuairisciú agus iniúchtaí rialta ar dhálaí oibre, ar chearta fostaithe agus ar tháscairí cuimsithe shóisialta.

4.10. Tugann CESE dá aire go bhfuil méadú ag teacht ar an mbéim a chuirtear ar an ngeilleagar ciorclach agus ar an ngá atá le dramhaíl a laghdú san earnáil. Ní mór do lucht thionscal an adhmaid bealaí a aimsiú chun dramhaíl a íoslaghdú agus athchúrsáil, athúsáid agus athrú cuspóra táirgí adhmaid a chur chun cinn chun bheith ag teacht le spriocanna inbhuanaitheachta. Ar an gcaoi sin, déanfar saolré na n-ábhar adhmaid a fhadú agus prionsabal na húsáide cascáidí a urramú maidir le húsáid éifeachtúil acmhainní. Sa chomhthéacs sin, tá ról lárnach ag coincheap láidir cothabhála agus ba cheart é a chur chun feidhme ó thús chéim an deartha.

4.11. Chun samhlacha gnó inbhuanaithe a chur chun cinn i dtionscal an adhmaid, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh fáil ar phríomh-amhábhair agus go bhforbrófar margadh dea-fheidhmiúil d'amhábhair thánaisteacha, lena gcuimseofar ábhair a aisghabhfar ó dhramhaíl ach a mbeidh athchúrsáil ag teastáil ina leith. Éilíonn CESE forfheidhmiú ar gach leibhéal den slabhra soláthair (sórtáil, bailiú agus athchúrsáil) agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar bhacainní teicniúla agus ar chaighdeáin a chuireann bac ar athchúrsáil dramhaíola adhmaid ina hiomláine. Ba cheart do reachtaíocht an Aontais atá dírithe ar thionscal an adhmaid tacú le bearta chun margadh inmheánach lánfheidhmiúil AE a bhaint amach do tháirgí adhmaid, lena n-áirítear páipéar agus cairtchlár, trí thacú le córais bailithe agus sórtála éifeachtacha agus éifeachtúla le haghaidh athchúrsáil ar scála. Ina theannta sin, iarrann CESE go ndéanfaí gníomhaíocht chun toirmeasc ar dhiúscairt adhmaid i láithreáin líonta talún a fhorfheidhmiú i ngach Ballstát.

4.12. Ní mór d'earnáil tionsclaíochta na hEorpa díriú ar a cuid buntáistí iomaíocha féin agus tacaíocht a fháil chun go n-éireoidh léi i margadh idirnáisiúnta atá an-iomaíoch, go háirithe ós rud é go bhfuil na costais ar ábhar, ar fhuinneamh agus ar shaothar san earnáil sin i bhfad níos airde i gcomparáid le roinnt mhaith iomaitheoirí idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, ní mór iarrachtaí a fheabhsú chun rochtain ar an margadh a chur chun cinn agus a dhaingniú do tháirgí adhmaid an Aontais i margaí idirnáisiúnta, agus cothrom iomaíochta sa mhargadh inmheánach á áirithiú ag an am céanna.

([7]) Tuairim ó CESE *An baol dífhoraoisithe agus díghrádaithe foraoisí a bhaineann le táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais a íoslaghdú* (IO C 275, 18.7.2022, lch. 88).

4.13. Iarrann CESE go ndéanfaí an Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe a chur chun feidhme go comhsheasmhach trí chaighdeán a dhéanamh de tháirgí inbhuanaithe agus trí iomaíocht chothrom a áirithiú le hearraí allmhairithe. Ina theannta sin, ba cheart na comhpháirtithe sóisialta ábhartha ó earnáil adhmaid an Aontais a bheith rannpháirteach go gníomhach tríd an bhFóram Comhairliúcháin Éicidhearthóireachta sa phlé maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

An Bhruiséil, 14 Feabhra 2024.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Oliver RÖPKE